An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar: Gaeilge
TUAIRISC

St Eunan's College
[Coláiste Naomh Adhamhnáin]
Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall
Uimhir Rolla: 62830R

Dáta na cigireachta: 23 Bealtaine 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	22, 23 Bealtaine 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide, príomhoide tánaisteach, agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith don chuid ba mhó agus go han-mhaith i gcásanna. Bhí scóip chun forbartha le feiceáil i líon beag de na ceachtanna.
- Sa tsraith shinsearach, bhí foghlaimeoirí neamhspleácha a bhí muiníneach as a gcumas sa teanga. Is chuige seo an teagasc ó cheart.
- Bhí éagsúlacht mhór idir na modhanna múinte a bhí á gcleachtadh le dhá rang sa bhliain chéanna sa tsraith shóisearach. Ba chun leasa na foghlama é an cur chuige i gcás amháin.
- Bhí an treoir chuditheach, na ceartúcháin, agus an t-aitheantas ar iarrachtaí na scoláirí a bhí scríofa isteach ag múinteoirí áirithe sna cóipleabhair le moladh go mór.
- Tá soláthar an ama don Ghaeilge go maith agus tá dáileadh na dtréimhsí ranga ar an tráthchlár i gcaitheamh na seachtaine go han-mhaith i ngach bliain.
- Bhí pleanáil agus ullmhúchán aonair na múinteoirí don chuid ba mhó de na ranganna a breathnaíodh go maith.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar treoir ar an bhfoghlaim ghníomhach agus straitéisí i leith dea-bhainistiú ranga a chur ar fáil trí phlé ar mhodheolaíochtaí nó trí chuairteanna ar ranganna a chéile a eagrú i measc na múinteoirí.
- B'fhiú spriocanna a leagadh síos le líon níos airde scoláirí a spreagadh chun an ardleibhéil sa dá shraith ar bhonn seasta agus an treocht éiritheach i dtreo an bhonnleibhéil atá le sonrú san Ardteistiméireacht le cúpla bliain a chur siar.
- San athbhreithniú ar phlean an ábhair, moltar aird a dhíriú ar straitéisí teagaisc, feidhmeanna teanga, agus torthaí na foghlama.

RÉAMHRÁ

Meánscoil do bhuachaillí is ea Coláiste Naomh Adhamhnáin. Tá an Ghaeilge ar fáil sa Teastas Sóisearach, san Idirbhliain atá roghnach, san Ardteistiméireacht bhunaithe, agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. 901 scoláire atá cláraithe don scoilbhliian 2011/12 agus tá díolúine ón nGaeilge ag trí déag faoin gcéad díobh. Tá deichniúr múinteoirí Gaeilge ar an bhfoireann, agus tá cúigear díobh gafa go mór le teagasc an ábhair.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith sa mhórchuid de na ceachtanna a breathnaíodh agus go han-mhaith i gcás chuid díobh. Bhí scóip chun forbartha le sonrú ar líon beag ceachtanna agus ar scileanna i mbainistiú ranga i gcás amháin.
- Bhí fianaise shoiléir, i ranganna ardleibhéil sa tsraith shinsearach go háirithe, ar acmhainneacht i measc na scoláirí chun dul i ngleic leis an teanga agus í a ionramháil chun a gcuid riachtanas féin. Chonacthas é seo i gcás ar leith agus na scoláirí ag cur agus ag freagairt ceisteanna a chéile as a seasamh.
- Ba mhór idir na modhanna múinte a cleachtadh in dhá rang sa bhliain chéanna sa tsraith shóisearach. I gcás amháin bhí na scoláirí spreagtha ag ábhar dea-roghnaithe le páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí an cheachta ar ábhar a thaitin leo. Sa chás eile ba léir nár leor an tasc scríbhneoireachta leis na scoláirí a spreagadh.
- Sna ceachtanna ab fhearr cuireadh torthaí na foghlama a bhí le baint amach sa cheacht in iúl go soiléir i dtús ama agus cuireadh ar taispeáint i scríbhinn freisin iad. I gcásanna eile bhí réamhrá an cheachta easnamhach. Moltar torthaí na foghlama a shoiléiriú i ngach ceacht agus filleadh orthu leis an dul chun cinn leo a mheas.
- Bhí an fheasacht teanga comhtháite sa teagasc go rímhaith sna ceachtanna ab fhearr.
- Bhí éagsúlacht ar ghníomhaíochtaí na foghlama curtha san áireamh i mórán ceachtanna mar aon le deiseanna ar an bhfoghlaim ghníomhach do na scoláirí. Ní raibh an rath ar an bhfoghlaim ghníomhach i ngach cás áfach. Moltar do na múinteoirí treoir ar an bhfoghlaim ghníomhach a chur ar fáil trí phlé ar mhodheolaíochtaí nó trí chuairteanna ar ranganna a chéile a eagrú ina measc.
- Bhi cáilíocht an cheistiúchán a chleacht na múinteoirí éagsúil go maith. Bhí difreáil le sonrú ar an gcuid ab fhearr agus bhí deiseanna éagsúla dá réir ag scoláirí chun iad féin a chur in iúl ag a leibhéal inniúlachta féin. Bhí an dea-chleachtas sa difreáil an-suntasach sa tsraith shinsearach mar a raibh scileanna ardoird ceisteoireachta go feiceálach.
- Bhí úsáid acmhainní teicneolaíocht faisnésie agus cumarsáide (TFC) go mór i gceist sna ceachtanna agus bhí íomhánna dea-roghnaithe i gcásanna an-éifeachtach chun na scoláirí a spreagadh le páirt a ghlacadh sa phlé. Bhí an úsáid a baineadh as taifeadadh raidió le húdar ar an gcúrsa litríochta agus an ceistneoir scríofa a lean de ar fheabhas.
- Bhí an sprioctheanga in uachtar sna ceachtanna ar fad agus bhí cáilíocht na Gaeilge ag an gcuid ba mhó de na múinteoirí ina heiseamláir ar chruinnúsáid na teanga, rud a bhí le moladh go mór.
- Bhí cáilíocht obair scoláirí sna cóipleabhair sásúil agus bhí an treoir chuditheach, na ceartúcháin, agus an t-aitheantas ar iarrachtaí na scoláirí a bhí scríofa isteach ag múinteoirí áirithe le moladh go mór.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar don ábhar ar an tráthchlár an-láidir sa tsraith shinsearach agus beagán níos teoranta sa tsraith shóisearach. Moltar machnamh ar athchothromú a dhéanamh ar an soláthar idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.
- Tacaíocht an-mhaith don ábhar is ea an múinteoir breise sa tsraith shinsearach a chabhraionn leis na scoláirí a ullmhú don bhéaltriail Ardteistiméireachta agus chun líon na scoláirí sna ranganna Gaeilge don Teastas Sóisearach a choimeád níos ísle.
- Tá seomraí ranga faoina gcúram féin ag móramh na múinteoirí. Bhí atmaisféar tacúil don fhoghlaim san ábhar curtha ar fáil i gcásanna áirithe a bhí le moladh go mór. Bhí cuid den obair sin tráthúil agus dlúthbhaint aige le réimse spéise na scoláirí.
- Tá soláthar maith acmhainní ar fáil do theagasc an ábhair.
- Tá sé le moladh go bhfuil taithí ar an ábhar a theagasc go dtí an leibhéal is airde roinnte go cothrom ar an gcúigear múinteoirí is mó atá gafa le teagasc an ábhair.
- Léiríonn anailís ar rannpháirtíocht agus gnóthachtáil san ábhar go bhfuil bonn réasúnta maith faoin ábhar sa tsraith shóisearach. B'fhiú spriocanna a leagadh síos le líon níos airde scoláirí a spreagadh chun an ardleibhéil sa dá shraith agus an treocht éiritheach i dtreo an bhonnleibhéil atá le sonrú san Ardteistiméireacht le cúpla bliain a chur siar.
- Cuirtear an Ghaeilge chun cinn lasmuigh den rang Gaeilge le ciorcal comhrá am lóin ar an Aoine do na scoláirí agus le himeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim eile.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Bhí pleanáil agus ullmhúchán aonair na múinteoirí don chuid ba mhó de na ranganna a breathnaíodh go maith. Ba chóir éagsúlacht a chur ar ghníomhaíochtaí foghlama chun leadrán agus doicheall san fhoghlaim a sheachaint, faoi mar a tharla i líon beag cásanna.
- Tá tús curtha le pleanáil don litearthacht agus uimhearthacht san ábhar agus is maith go bhfuil moltaí dréachtaithe ag an roinn.
- Díríonn plean ábhair na Gaeilge ar mhór-riachtanais an obair phleanála. Agus an plean seo á athbhreithniú, moltar aird a dhíriú ar straitéisí teagaisc, feidhmeanna teanga, agus torthaí na foghlama. Ba chóir go mbeadh idirdhealú agus dul chun cinn le sonrú ar thorthaí na foghlama ó leibhéal amháin go leibhéal eile agus ó bhliain go chéile.
- Moltar machnamh a dhéanamh ar phlean feabhsúcháin san ábhar a chomhaontú sa roinn agus an plean sin a athbhreithniú go tráthúil.
- Tá úire le brath ar phlean na hIdirbhliana ó thaobh úsáid na meán craolta agus tá sé le moladh go bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn ag an scoil le tionscadal ceoil i bpáirt le scoileanna eile sa tionscadal scoilbhunaithe BEO. Moltar tógáil ar an taithí seo ar theagmháil leis an teanga do na scoláirí. D'fhéadfaí litríocht nua-aimseartha a chur ar an gclár agus cuireadh chun an scoile a thabhairt d'údar ar leith.
- Moltar na socruithe neamhfhoirmeálta atá ann le dódhéag faoin gcéad de na marcanna sna scrúduithe tí a bhronnadh ar inniúlacht i labhairt na Gaeilge i mblianta áirithe a shoiléiriú agus riar níos airde de na marcanna a bhronnadh ar an scil sin.
- Moltar féachaint in athuair ar na féidearachtaí chun deis a chur ar fáil do na scoláirí le cur isteach ar an mbéaltriail roghnach i scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide, leis an bpríomhoide tánaisteach, agus leis na múinteoirí.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsíodh: Samhain 2012

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Molann an Bord Bainistíochta Roinn na Gaeilge go mór. Tugann an tuairisc seo aitheantas do dhíograis agus tiomantas na múinteoirí atá le feiceáil sa seomra ranga agus i bhfeachtais mar "Ciorcal Comhrá" agus "Beo". Tá an Bord sásta gur tuairiscíodh ar an múinteoir breise a chuidíonn le lucht na hArdteiste don scrúdú béil go moltach. Leanfaidh an tacaíocht seo ar aghaidh a fhad is a bheidh sé ar ár n-achmhainn.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tugadh an tuairisc do bhaill na Roinne. Tá an Roinn ag obair ar stráitéis chun na moltaí atá sa tuairisc a chur i bhfeidhm